

Breithnithe a bhaineann le bearta scartha shóisialta mar fhreagairt ar COVID-19 – an dara nuashonrú

An 23 Márta 2020

Cad atá nua sa nuashonrú seo?

- Faisnéis bhreise faoi dhúnadh áiteanna oibre
- Plé ar an téarma 'scaradh sóisialta' vis-à-vis an cleachtas a bhaineann le 'scaradh fisiciúil'
- Plé ar an tábhacht a bhaineann le dlúthpháirtíocht agus tacaíocht fhrithpháirteach phobail a chur chun cinn nuair a chuirtear bearta scartha shóisialta chun feidhme

Raon feidhme an doiciméid seo

Is é atá mar aidhm leis an doiciméad seo tacú le gníomhaíochtaí pleanála ullmhachta sláinte poiblí agus le gníomhaíochtaí freagartha bunaithe ar bhearta scartha shóisialta a bhfuil sé mar aidhm leo leathadh COVID-19 a íoslaghdú.

Is gníomh é scaradh sóisialta a dhéantar chun teagmháil le daoine eile a íoslaghdú; cuimsítear i mbearta scartha shóisialta catagóir amháin de fhrithbhearta neamhchógaisíochta (FNCanna)¹ a bhfuil sé mar aidhm leo tarchur an ghalair a laghdú agus, ar an tslí sin, an brú ar na seirbhísí sláinte a laghdú freisin [1, 2].

Cuireann an doiciméad seo le agus tacaíonn sé le doiciméid eile de chuid ECDC, lena n-áirítear [guidelines for the use of non-pharmaceutical measures to delay and mitigate the impact of 2019-nCoV](#) [2], [rapid risk assessment: outbreak of novel coronavirus disease – sixth update](#) [4a], [technical report on the use of evidence in decision-making during public health emergencies](#) [5], agus doiciméad treorach maidir le [community engagement for public health events caused by communicable disease threats in the EU/EEA](#) [15].

¹ Áirítear i measc FNCanna eile bearta cosanta pearsanta (sláinteachas lámh agus riospráide, béasaíocht casachta, agus úsáid anáiltheoirí nó aghaidhmhasc) agus bearta comhshaoil (glanadh rialta dromchlaí, éadaí agus oibiachtaí a úsáidtear go rialta; roinnt oibiachtaí a íoslaghdú; agus aeráil chuí a áirithiú.)

Erratum. Ar an 26 Márta 2020, rinneadh athbhreithniú ar an gcéad phointe urchair i dTábla 1 ar leathanach 3. Is é seo a leanas an méid a sonraíodh sa leagan den doiciméad seo a foilsíodh i dtosach: 'Tá cásanna deimhnithe nó amhrasta de COVID19 aonraithe [...] nó moltar dóibh féin-aonrú sa bhaile (cásanna éadroma).' Tá sé seo leasaithe anois chun comhsheasmhacht le foilseacháin eile ECDC a áirithiú.

Lua molta: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Breithnithe a bhaineann le bearta scartha shóisialta mar fhreagairt ar COVID-19 – an dara nuashonrú. Stóciólm: ECDC; 2020.

Spríocphobal

Údaráis sláinte poiblí i mBallstáit AE/LEE agus sa Ríocht Aontaithe.

Príomhphointí

- Is é atá mar aidhm leis an scaradh sóisialta, trí mhodhanna éagsúla, teagmháil fhisiciúil idir daoine aonair a íoslaghdú agus, ar an gcaoi sin, an fhéidearthacht go mbeidh ionfhabhtuithe nua ann a laghdú.
- Ba cheart go mbeadh cinntí maidir le cathain agus conas bearta scartha shóisialta a chur chun feidhme bunaithe ar fhianaise i gcónaí, ach is annamh a bheidh siad bunaithe ar fhianaise amháin. Beidh sé riachtanach gnéithe sóisialta agus polaitiúla a chur san áireamh freisin.
- Is comhartha láidir é cásanna de COVID-19 agus/nó básanna aitheanta lasmuigh de na slabhraí tarchurtha aitheanta, gur cheart bearta scartha shóisialta, amhail áiteanna oibre/scoileanna a dhúnadh, ollbhailiúchán a chealú, agus coraintín sna limistéir lena mbaineann, a bhreithniú.
- Is dócha go mbeidh cur chun feidhme luath, cinntitheach, tapa, comhordaithe agus cuimsitheach beart, dúnadh agus coraintíní níos éifeachtaí chun leathadh an víris a mhoilliú i gcomparáid le cur chun feidhme moillithe.

Cúlra

Ó tharla dlús a bheith faoi phaindéim COVID-19, mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) do rialtais i ngach tír 'tús áite' a thabhairt do rialú an ghalair [3]; tá moladh comhchosúil déanta ag ECDC i ndáil le Ballstáit AE/LEE [4, 4a]. Sa treoir ghearr seo pléitear gnéithe éagsúla de chur chun feidhme na mbeart scartha shóisialta, lena n-áirítear an próiseas cinnteoireachta agus roinnt de na héifeachtaí socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh orthu.

Cinnteoireacht do bhearta scartha shóisialta

Cás atá ag teacht chun cinn agus atá ag athrú go tapa is ea paindéim COVID-19 a bhféadfadh údar maith a bheith le bearta scartha shóisialta ina leith agus iad a chur chun feidhme mar ghné lárnach den fhreagairt. Ba cheart d'údaráis sláinte poiblí a áirithiú go bhfuil cinnteoirí ar an eolas faoi na héiginnteachtaí eolaíochta reatha a bhaineann leis an víreas, agus go dtuigeann siad iad [5]. Áirítear i measc na n-éiginnteachtaí sin, i measc saincheisteanna eile:

- Modh/Modhanna beachta tarchuir an víris, agus an fhéidearthacht go dtarlódh tarchur aerasóil
- Cé chomh fada is gá do dhuine a bheith nochta chun go mbeidh sé/sí ionfhabhtaithe?
- An dáileog/líon íosta ionfhabhtaíoch cáithníní víreasacha ionfhabhtaíocha a theastaíonn chun ionfhabhtú a thionscnamh
- An leibhéal ionfhabhtaíochta roimh thosú siomptóm, agus an méid ama a bhfuil duine ionfhabhtaíoch tar éis téarnaimh
- Cibé an mbeidh nó nach mbeidh tionchar ag séasúracht ar tharchur
- Freagairt imdhíonachta i ndaoine agus fad na himdhíonachta.

Féadfaidh samhaltú matamaiticiúil d'éifeachtaí na n-idirghabhálacha scartha shóisialta tacú le cinnteoireacht, bunaithe ar na patrúin teagmhála áitiúla agus ar pharaiméadair ionfhabhtaíochta aitheanta nó toimhdithe, tréimhse ghoir agus fad na himdhíonachta [30].

Ba cheart d'údaráis sláinte poiblí a aithint gur gá fachtóirí seach-eolaíocha (e.g. a indéanta atá sé comhairle eolaíoch a chur chun feidhme, brú ama, fachtóirí sochpholaitiúla, fachtóirí institiúideacha, leasanna eacnamaíocha, brú ó thíortha comharsanachta etc.) a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta. Beidh tionchar ag na fachtóirí sin freisin ar chur chun feidhme aon bhearta freagartha atá beartaithe [1, 5]. Ba cheart, dá réir sin, go mbeadh cinntí bunaithe ar fhianaise i gcónaí, ach is annamh a bheidh siad bunaithe ar fhianaise amháin.

Féadfar ceachtanna a aithníodh ó phaindéimí fliú a tharla roimhe seo (e.g. ó 1918, 1957, 1968, 2009), eipidéimí séasúracha bliantúla fliú, agus ráig SARS in 2003, a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta agus cur chun feidhme [31, 32]. Tá sé tábhachtach a mheabhú, áfach, gur galar nua é COVID-19, lena mbaineann airíonna dá chuid féin, nach dtuigtear go hiomlán fós.


Cuspóirí na mbeart scartha shóisialta

Tagraíonn an téarma 'scaradh sóisialta' d'iarrachtaí arb é is aidhm leo, trí mhodhanna éagsúla, tarchur COVID-19 i ngrúpa nó i bhfoghgrúpa daonra a laghdú nó a bhriseadh trí theagmháil fhisiciúil a íoslaghdú idir daoine aonair a

d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe agus daoine aonair sláintiúla, nó idir grúpaí daonra ag a bhfuil rátaí arda tarchuir agus grúpaí daonra nach bhfuil leibhéal tarchuir acu nó a bhfuil leibhéal tarchuir íseal acu. Tá gá le bearta scartha shóisialta ag leibhéal an phobail i dteannta le hiarrachtaí srianta (e.g. rianú teagmhálaithe [33]) nuair is léir nach leor srianadh mar mhodh chun buaic na heipidéime a mhoilliú, chun buaic na heipidéime a laghdú chun acmhainní cúraim sláinte a chosaint, nó chun grúpaí leochaileacha atá i mbaol drochthorthaí a chosaint (Figiúr 1). Tá roinnt cineálacha éagsúla beart scartha shóisialta ann (Tábla 1), agus is féidir iad sin a aicmiú i 'sraitheanna', in ord ardaitheach scála. Airítear i ngach sraith fhorchéimnitheach beart, gach beart ó na sraitheanna roimhe sin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndíríonn an téarma 'scaradh sóisialta' ar theagmháil fhisiciúil a laghdú mar mhodh chun tarchur a bhriseadh, ach cé go bhféadfadh laghdú ar theagmháil shóisialta a bheith mar thoradh air sin, ní aidhm shonrach é. Go deimhin, d'fhéadfadh rath na mbearta scartha shóisialta a chuirtear chun feidhme thar thréimhse fhada brath ar a áirithiú go leanann daoine le teagmháil shóisialta – scartha go fhisiciúil óna chéile – le cairde, baill teaghlaigh agus comhghleacaithe. Dá réir sin, is uirlis úsáideach í an chumarsáid idirlíon-bhunaithe chun straitéis rathúil scartha shóisialta a áirithiú.

Figiúr 1. Léiriú de chuspóirí na mbearta scartha shóisialta a bhfuil sé mar aidhm leo buaic na heipidéime a laghdú agus a mhoilliú agus acmhainní cúraim sláinte a chosaint



Tábla 1: Tuairisc ar bhearta scartha shóisialta agus an réasúnaíocht a bhaineann leo, ag leibhéal an duine aonair agus an ghrúpa

Bearta scartha shóisialta	Tuairisc	Réasúnaíocht
Scaradh sóisialta aonair		
Aonrú² cásanna	<ul style="list-style-type: none"> Déantar cásanna deimhnithe nó amhrasta COVID19 a aonrú, rud a chiallaíonn go gcuirtear san ospidéal iad (i gcásanna measartha nó cásanna tromchúiseacha de ghnáth) chun cúram a chur ar fáil, nó go ndéantar iad a bhainistiú i saoráidí tiomnaithe aonraithe nó sa bhaile (cásanna éadroma) I gcás tarchur forleathan sa phobal, d'fhéadfaí a mholadh go ginearálta do dhaoine a bhfuil siomptóim orthu fanacht sa bhaile D'fhéadfaí go mbeadh aonrú cásanna deonach nó éigeantach 	<ul style="list-style-type: none"> Daoine breoite a scaradh ó dhaoine sláintiúla chun tarchur a sheachaint

² I gcomhthéacs na sláinte poiblí, déantar othair deimhnithe nó amhrasta ag a bhfuil galar ionfhabhtáíoch ('cásanna') a aonrú fad is atá a dteagmhálaithe (ag brath ar epidéimeolaíocht an ghalair), ar daoine sláintiúla iad tríd is tríd, á gcur i gcoraintín. Baineann

Beart scartha shóisialta	Tuairisc	Réasúnaíocht
Teagmhálaithe a chur i gcoraintín²	<ul style="list-style-type: none"> • Duine sláintiúil/daoine sláintiúla a raibh teagmháil ardriosca nó ísealriosca acu le cás deimhnithe COVID-19, de réir an imscrúdaithe teagmhálaithe • D'fhéadfadh go mbeadh coraintín cásanna deonach nó éigeantach² 	<ul style="list-style-type: none"> • Go hiondúil, moltar féinchoraintín a dhéanamh in áit shábháilte nó sa bhaile, agus féinmhonatóireacht a dhéanamh ar shiomptóim COVID-19-chomhoiriúnacha; má thugtar siomptóim faoi deara, d'fhéadfaí tástáil a dhéanamh go pras • Scaradh ó dhaoine sláintiúla eile chun tarchur a sheachaint má fhorbraíonn an galar, fiú amháin i rith chéimeanna aisiomptómacha nó fochliniciúla an ghalair
Moltaí maidir le fanacht sa bhaile	<ul style="list-style-type: none"> • Moladh ginearálta don phobal fanacht sa bhaile agus ollbhailiúchán agus dlúththeagmhálacha le daoine a sheachaint, go háirithe grúpaí ardriosca aitheanta 	<ul style="list-style-type: none"> • Moltaí maidir le scaradh sóisialta deonach daoine, go háirithe na grúpaí ardriosca, chun tarchur a laghdú, galracht mhéadaithe a sheachaint, agus, ar an gcaoi sin, an brú ar an gcóras sláinte a laghdú
Scaradh sóisialta a bhfuil tionchar aige ar níos mó ná duine amháin		
Dúnadh institiúidí oideachais	<ul style="list-style-type: none"> • Scoileanna (lena n-áirítear ionaid chúraim lae, naiscoileanna, bun scoileanna agus meánscoileanna) • Dúnadh institiúidí ardoideachais (ollscoileanna, institiúidí taighde, institiúidí acadúla, etc.) 	<ul style="list-style-type: none"> • Is beart coiscitheach aitheanta é teagmháil a chosc i measc leanaí i gcás ráigeanna fliú agus paindéimí • Is áiteanna iad ollscoileanna agus institiúidí oideachais eile ina mbíonn líon mór daoine ag bailiú le chéile i spásanna beaga • I staidéir atá déanta ar ráigeanna fliú, is gnách go mbíonn an éifeacht is mó ag an dá bheart nuair a chuirtear i bhfeidhm go luath iad sa chéim tarchuir agus nuair a mhaireann siad go dtí go laghdaíonn cúrsaíocht na pataigine (i.e. tar éis roinnt seachtainí) [34] • An gá atá le cruinniú/bailiú daoine óga lasmuigh den scoil a chosc freisin chun éifeachtacht a áirithiú
Dúnadh áiteanna oibre	<ul style="list-style-type: none"> • Oifigí, monarchana, asraonta miondiola, táirgeadh talmhaíochta, tógáil, bialanna, caiféanna/beáir, clubanna spóirt, tarlú/iompar, etc. • D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a chur san áireamh: sceidil sholúbtha oibre/sealanna oibre d'fhostaithe; deiseanna cianoibre/teilea-oibriú; bearta scartha shóisialta a spreagadh san áit oibre; níos mó úsáide a bheith á baint as ríomhphost agus teileachomhdhálacha chun dlúth-theagmhálaithe a laghdú; teagmháil idir fostaithe agus custaiméirí a laghdú; teagmháil idir fostaithe a laghdú; glacadh le polasaithe solúbtha saoire; agus tacú le húsáid a bhaint as frithbhearta cosantacha pearsanta agus comhshaoil eile 	<ul style="list-style-type: none"> • Is é an aidhm atá ann tarchur a sheachaint i measc líon measartha agus mór daoine ag bailiú i spásanna beaga ar feadh tréimhsí fada • Ag brath ar ghaireacht na ndaoine a oibríonn i suíomhanna éagsúla san áit oibre agus ar ráta agus cineál na n-idirghníomhaíochtaí eatarthu, beidh baol ionfhabhtaithe níos mó luaite le daoine aonair agus grúpaí difriúla seachas mar a bheidh le daoine agus grúpaí eile. Dá bhrí sin, is féidir áiteanna mar sin a dhúnadh.
Bearta do dhaonraí speisialta	<p>Bearta chun teorainn a chur le cuairteoirí seachtracha agus le teagmháil idir na príosúnaigh/othair i suíomhanna beaga, amhail:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, do dhaoine scothaosta nó do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu • Institiúidí síciatracha • Foscadáin do dhaoine gan dídean • Príosúin 	<ul style="list-style-type: none"> • Is sna hinstiúidí seo atá céatadán mór de na daoine i ngrúpaí ardriosca le haghaidh galar tromchúiseach agus drochthoradh, agus is minic go mbíonn daonra ard iontu, agus d'fhéadfadh ráigeanna COVID-19 a bheith mar bhonn le galracht agus mortlaíocht shuntasach • Ba cheart bearta a chur i bhfeidhm go luath sa ráig agus ba cheart leanúint leo go dtí go dtiocfaidh laghdú ar chúrsaíocht COVID-19 sa phobal

brí 'forfheidhmiúcháin' leis an bhfocal coraintín. Uaireanta úsáidtear 'féin-aonrú deonach', nó fiú 'coraintín deonach', nó 'féinchoraintín' fiú, d'fhonn a léiriú go bhfuil moltaí sláinte poiblí á gcomhlíonadh go deonach ag daoine.

Beart scartha shóisialta	Tuairisc	Réasúnaíocht
Cealuithe ollbhailiúcháin	<ul style="list-style-type: none"> • Imeachtaí cultúrtha (amharclanna, pictiúrlanna, ceolchoirmeacha, etc.) • Imeachtaí spóirt (sacar, cluichí lúthchleasaíochta faoi dhion agus amuigh faoin aer, rith maratóin etc.) • Féilte, ócáidí creidimh • Comhdhálacha, cruinnithe, aontáí trádála, etc. 	<ul style="list-style-type: none"> • Chun tarchur a sheachaint i measc líon mór daoine i spásanna beaga • I gcás roinnt imeachtaí – cé go bhféadfaí iad a reáchtáil amuigh faoin aer (e.g. cluichí peile) – d'fhéadfadh go mbeadh an lucht freastail i ndlúth-theagmháil ar iompar poiblí, ag an mbealach isteach agus ag an mbealach amach, etc.
Cordon sanitaire/coraintín éigeantach foirgnimh nó limistéir chónaithe/limistéar cónaithe	<ul style="list-style-type: none"> • Tagraíonn sé do choraintín agus dúnadh foirgnimh nó limistéir chónaithe iomláin (cathair, réigiún, etc.) 	<ul style="list-style-type: none"> • Teorainn a chur leis an teagmháil idir limistéir ardtarlaithe agus iad siúd nach bhfuil aon leibhéal tarchuir iontu nó leibhéal íseal tarchuir iontu • Tugann an beart seo le tuiscint go bhfuil na bearta thuas (e.g. dúnadh scoile agus ionad ardoideachais, cealuithe ollbhailiúcháin) á gcur chun feidhme freisin chun scaradh sóisialta a uasmhéadú laistigh den <i>cordon sanitaire</i>

Cathain ba cheart bearta scartha shóisialta agus straitéisí scoir a thionscnamh

Tá éiginnteacht ag baint le héifeachtacht fhorhóir na mbearta scartha shóisialta mar mhodh chun COVID-19 a rialú. Mar gheall ar in-tarchurhacht réasúnta ard an víris, áfach, is dócha go mbeidh tionchar na mbearta sin ar bhuaic na heipidéime agus ar an moill fhéideartha ar an mbuaic ag brath ar a luaithe a ghlacfar na bearta i gcomhthéacs na staide eipidéimeolaíche áitiúla. Ina theannta sin, is dócha go gcuirfidh úsáid a bheith á baint as bearta iolracha le héifeachtacht ilchodach na mbearta aonair.

Léiríonn fianaise bhreathnóireachta agus shamhaltaithe ó phaindéimí a bhí ann roimhe seo (e.g. paindéimí flú) agus ón taithí a fuarthas ar COVID-19 sa tSín gur dócha go mbeidh cur chun feidhme luath, cinntitheach, tapa, comhordaithe agus cuimsitheach na mbearta scartha shóisialta níos éifeachtaí chun leathadh an víris a mhoilliú ná mar a bheidh gníomhaíochtaí moillithe [6-8]: meastar go bhféadfaí líon na gcásanna COVID-19 a laghdú 66%, 86%, agus 95%, faoi seach, agus go bhféadfaí laghdú suntasach a dhéanamh freisin ar líon na limistéar a ndéantar difear dóibh dá mbeadh raon idirghabhálacha neamh-chógaisíochta, scaradh sóisialta san áireamh, tugtha isteach seachtain amháin, dhá sheachtain, nó trí seachtaine níos túisce sa tSín [9].

Ní oireann aon mhodh amháin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an am is fearr chun bearta scartha shóisialta a chur i bhfeidhm a bhfuil dúnadh, cealú nó coraintín ar limistéir iomlána i gceist leo. I staid eipidéimeolaíoch idir cás 3 (ráigeanna logánaithe a thosaíonn ag cumasc, a éiríonn doiléir) agus cás 4 (tarchur inbhuanaithe forleathan COVID-19) [4], tugann brath cásanna COVID-19 agus/nó básanna lasmuigh de shlabhraí aitheanta tarchuir le fios gur cheart bearta scartha shóisialta den sórt sin a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tacaíonn sonraí le cur chun feidhme comhuaineach roinnt sraitheanna de scaradh sóisialta ag an am céanna, seachas sraith i ndiaidh a chéile [7]. Mar shampla, má tá scoileanna dúnta ach má tá áiteanna oibre fós oscailte, b'fhéidir go mbeadh ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí a iarraidh ar sheantuismitheoirí aire a thabhairt dá leanaí (a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe) fad is a leanann siad ar aghaidh ag obair. D'fhéadfadh go gcuirfeadh sé seo go díreach le tarchur méadaithe chuig daoine aonair atá i mbaol galair thromchúisigh.

IDir an dá linn, mar bhealach chun glacadh an phobail le bearta scartha shóisialta a éascú, tá sé tábhachtach dáta deiridh a bhfuiltear ag súil leis a bhunú agus a chur in iúl a luaithe is féidir. Ba cheart a shoiléiriú don daonra freisin go bhféadfaí a) síneadh a chur leis na bearta má éilíonn na himthosca é sin, agus b) go bhféadfaí roinnt beart a bhaint nó a laghdú fad is a bheidh bearta eile fós i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart pleananna a chur i dtoll a chéile agus a chur in iúl don phobal go bhféadfaí bearta mórscaála scartha shóisialta a chur i bhfeidhm arís má mhéadaíonn an tarchur i ndiaidh na mbearta a bhaint. I láthair na huair, tá ECDC ag obair ar anailís ar na straitéisí scoir a d'fhéadfadh a bheith ann (uainiú san áireamh). Áireofar na torthaí sa chéad eagrán eile den doiciméad seo.

Tabhair faoi deara, in éagmais ollchlár vacsaínithe, gurb é leibhéal leordhóthanacha imdhíonachta a fhorbairt sa daonra trí ionfhabhtú nádúrtha ('comh-imdhíonacht') an t-aon bhealach chun deiseanna tarchuir sa phobal a laghdú i ndeireadh na dála. I ndeireadh na dála, nuair atá an 'comh-imdhíonacht' oiriúnach, tagann deireadh leis na bearta scartha shóisialta.

Breithnithe nuair atá bearta scartha shóisialta á gcur chun feidhme

Tá eolas maidir le cuid de na dúshláin chineálacha a bheidh le sárú ag údarais nuair a bheidh bearta scartha shóisialta á gcur chun feidhme acu le fáil thíos; tá mionsonraí maidir leis na bearta sonracha le fáil i dTábla 2 thíos.

Fachtóirí sóisialta agus polaitiúla

Baineann comhthéacs sóisialta, polaitiúil agus bunreachtúil ar leith le gach tír AE/LEE. D'fhéadfadh sé nach mbeadh rud éigin atá inghlactha agus indéanta i suíomh amháin, inghlactha agus indéanta i suíomh eile. Ní mór noirm agus luachanna sochaíocha atá mar bhonn le saorghluaiseacht agus taisteal a mheá i gcoinne prionsabal réamhchúraim agus i gcoinne ghlacadh an phobail le rioscaí [10]. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí maolú a mheas, a réamh-mheas agus a phleanáil, agus go dtabharfaí aird ag an am céanna ar an bhfreagairt shuntasach phoiblí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar bhearta scartha shóisialta. Níl aon chur chuige amháin ann a oireann do chách maidir le bearta scartha shóisialta a chur i bhfeidhm.

Ceartha an duine agus comhréireacht na freagartha

Ní mór do bhearta sriantacha sláinte poiblí an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a urramú i gcónaí, chomh maith le prionsabail idirnáisiúnta dlíthiúla agus eiticiúla, amhail Prionsabail Siracusa na Náisiún Aontaithe [11] agus na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, Airteagal 3 [12]. Ar an mbonn sin, ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

'Riachtanas poiblí, léiriú ar éifeachtacht agus réasúnaíocht eolaíoch, comhréireacht agus an méid is lú sárúithe, cómhalmartacht, ceartas agus cothroime' [13].

Tá sé tábhachtach, mar shampla, nár cheart daoine a chur i gcoraintín chun an pobal i gcoitinne a chosaint má dhéantar iad féin a aonrú ina dhiaidh sin i suíomh ardtarchurtha. Os a choinne sin, níor cheart go ndéanadh coraintín idirdhealú idir grúpaí sóisialta nó eacnamaíocha i ndaonra [14].

Cumarsáid maidir le rioscaí

Ba cheart straitéis chuimsitheach cumarsáide maidir le rioscaí a fhorbairt. Ba cheart go gcuirfeadh sé in iúl don phobal, i measc nithe eile, an réasúnaíocht agus an t-údar atá leis na bearta scartha shóisialta a cuireadh chun feidhme. Chomh maith leis an bpobal a chur ar an eolas faoi bhearta sainordaithe, ba cheart gur phríomhchuid de seo daoine a spreagadh chun gníomh a dhéanamh ar leibhéal pearsanta mar bhealach chun iad féin a chosaint. Ba cheart díriú ar spriocphobail éagsúla (trí mhionteangacha, mar shampla). Ba cheart córas faireacháin a bhunú freisin chun breathnóireacht a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar thuairimí an phobail maidir leis an ráig agus maidir leis an bhfreagairt don ráig [15].

An stiogma a chomhrac

Tugann fianaise ó eipidéimí galar ionfhabhtáíoch a tharla roimhe seo le fios go bhféadfaí stiogmatú a dhéanamh ar dhaoine agus/nó ar ghrúpaí a bhí i gcoraintín nó ag féin-aonrú – fiú mura bhfuil siad féin ionfhabhtaithe [16], rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá gcumas cloí leis na bearta sláinte poiblí atá i bhfeidhm agus a bhféadfadh impleachtaí sóisialta fadtéarmacha a bheith aige [17]. Tá sé tábhachtach go rachadh na húdarais i ngleic go réamhghníomhach leis an stiogma a d'fhéadfadh a bheith ann trí bhraistint dlúthpháirtíochta a chur chun cinn i measc an daonra: tá gach duine i mbaol go pointe áirithe, agus 'táimid ar fad sa bhád céanna' [18].

Tacaíocht do dhaoine agus do phobail atá faoi réir bearta scartha shóisialta

D'fhonn tacú le cloí le, agus le cur chun feidhme, beart aonraithe shóisialta, ba cheart córas tacaíochta a ullmhú agus a chur in iúl chun a áirithiú go leanfar de sheirbhísí agus soláthairtí riachtanacha (e.g. bia, cógas agus rochtain ar chúram sláinte) a sholáthar do dhaoine agus do phobail atá faoi réir beart scartha shóisialta [19, 20]. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta scartha shóisialta ar mheabhairshláinte na ndaoine aonair lena mbaineann [17, 19]. Is bealach tábhachtach chun folláine mheabhairshláinte a chur chun cinn é teagmháil le cairde, baill teaghlaigh agus líonraí eile a spreagadh trí chórais chumarsáide idirlín, na meáin shóisialta agus an teilfeafón. Ba cheart béim a leagan freisin ar na buntáistí a bhaineann le daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil – cibé acu ina dtithe nó, ina n-

aonar, amuigh faoin aer – agus ba cheart comhairle a chur ar fáil freisin maidir le béilí sláintiúla, cothroma a ithe; dóthain uisce a ól; agus iarracht a dhéanamh tobac, alcól agus drugaí a sheachaint [35].

Tacaíocht speisialta do ghrúpaí leochaileacha

Beidh tacaíocht bhreise ag teastáil ó dhaoine leochaileacha – daoine scothaosta, daoine ag a bhfuil bunghalair, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, daoine gan dídean, agus imirce gan doiciméid, mar shampla [4a]. B'fhéidir go mbeadh údarais ag iarraidh a machnamh a dhéanamh ar chomhordú le, agus tacú le, grúpaí na sochaí sibhialta agus grúpaí reiligiúnacha atá ag obair leis na daonraí seo cheana féin [15].

Dlúthpháirtíocht agus tacaíocht fhrithpháirteach phobail a chur chun cinn

Tá fianaise starógach ann ó roinnt tíortha inar cuireadh dianbhearta coraintín chun feidhme go bhfuil pobail ag tacú go spontáineach le léirithe tacaíochta fhrithpháirtí. I measc na samplaí sin tá daoine ag canadh lena chéile agus ag tabhairt bualadh bos d'oibríthe sláinte ó bhalcóiní árasáin; bratacha ar a bhfuil teachtaireachtaí spreagúla á gcrochadh (e.g. 'Andrà tutto bene' san Iodáil, a chiallaíonn 'Beidh gach rud ceart go leor'); bia agus aghaidhmhaisc a chur ar fáil saor in aisce; agus daoine ag cabhrú le daoine scothaosta nó comharsana leochaileacha lena chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus nach bhfuil siad ligthe i ndearmad. Agus ón bpobal gnó, bhí táirgeoirí deochanna alcólacha sásta a n-aird agus a gcuid oibre a dhírú ar dhíghalrán lámh a sholáthar, rud atá gann in go leor suíomhanna i láthair na huaire. D'fhéadfadh go dtacódh aitheantas agus tacaíocht oifigiúil lena leithéid sin de ghníomhartha agus dlúthpháirtíocht agus tacaíocht fhrithpháirteach phobail le líon níos mó daoine a bheith sásta cloí leis na bearta seo a chruthaíonn dúshlán suntasach don daonra trí chéile.

Cúiteamh airgeadais as ioncam agus fostaíocht cailte

Baineann ualaí airgeadais gearrthéarmacha agus meántéarmacha le bearta sriantacha scartha shóisialta [1]. Beidh tionchar aige seo ar theaghlach, ar phobail agus ar ghnóthaí, agus beidh dúshlán ar leith le sárú ag oibríthe ísealphá agus an gheilleagair poistíneachta (conarthaí gan íosmhéid uaireanta). Féadfar glacadh le cúiteamh airgeadais as cailteanais tabhairte mar ghné riachtanach den straitéis choisctheach níos leithne toisc go bhféadfadh sé cloí leis na bearta sláinte poiblí forordaithe a éascú [22].

Leanúnachas gnó a áirithiú

Is éard atá i mbainistiú leanúnachais gnó an próiseas trína n-áirithíonn eagraíocht go bhfuil a gníomhaíochtaí agus a próisis is criticiúla oibríochtúil beag beann ar theagmhais nó ar chur isteach. D'fhéadfadh roinnt beart leanúnachais gnó, amhail teileo-oibriú, tarchur an víris a laghdú freisin [23]. Ba cheart leanúnachas gnó a áirithiú do na seirbhísí bunriachtanacha sin a mbeadh iarmhairtí sochaíocha an-ard ag cur isteach orthu (e.g. forfheidhmiú an dlí, cúram sláinte, seirbhísí dóiteáin, saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, cógaslanna, siopaí grósaera, soláthraithe idirlín, príosúin, agus earnáil na bhfóntas (uisce, gás, leictreachas). Ba cheart tacaíocht leanúnachais gnó a chur ar fáil freisin do ghnóthaí beaga agus neamhchriticiúla, a bhféadfadh an riosca go dteipfidh orthu a bheith níos mó [24].

Meastóireacht ar an bpróiseas agus ar an tionchar

Ba cheart faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí eipidéimeolaíocha agus sóisialta na mbeart scartha shóisialta sainordaithe i rith thréimhse an fhorfheidhmithe agus ba cheart iad a oiriúnú, dá réir sin, i bhfíor-am. A luaithe a chuirfear deireadh leis na bearta, beidh sé tábhachtach meastóireacht chórasach, chuimsitheach a dhéanamh tar éis an teagmhais i ngach suíomh d'fhonn ceachtanna a shainiú agus, ar an gcaoi sin, bonn eolais a chur faoin gcleachtas a bheidh ann amach anseo, i gcás ina mbeadh athbheochan na heipidéime i gceist, mar shampla [1, 15].

Tábla 2. Forléargas ar chur chun feidhme, páirtithe leasmhara, breithnithe agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann de réir an chineáil birt scartha shóisialta atá le cur chun feidhme

Beart scartha shóisialta	Páirtithe leasmhara (sa bhreis ar údarais sláinte poiblí)	Breithnithe agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann
Scaradh sóisialta daoine aonair		
Aonrú cásanna	Údarais ag leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta atá freagrach as an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Gnóthaí inmheánacha 	<ul style="list-style-type: none"> Le linn chéim an tarchuir fhorleathain, féadfar iarraidh ar chásanna deimhnithe COVID-19 ag a bhfuil siomptóim éadroma, nó ar dhaoine a bhfuil siomptóim
Teagmhálaithe a chur i gcoraintín		

Beart scartha shóisialta	Páirtithe leasmhara (sa bhreis ar údarás sláinte poiblí)	Breithnithe agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann
<p>Moltaí maidir le fanacht sa bhaile</p>	<ul style="list-style-type: none"> Córas breithiúnach agus comhlachtaí forneidhmithe dlí 	<p>acu atá comhsheasmhach le COVID-19, féin-aonrú sa bhaile</p> <ul style="list-style-type: none"> Ba cheart aonrú éigeantach cásanna agus/nó coraintín a dteagmhálaithe a bhreithniú mura gcomhlíonann daoine le haonrú nó le féinchoraintín deonach B'fhéidir nach mbeadh an rogha ag gach cás i gcoraintín tabhairt faoi theilea-oibriú, agus go mbeadh cailíteanais phearsanta airgeadais i gceist D'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach go mór ar sheirbhísí bunriachtanacha (cúram sláinte, scoileanna, fónais, etc.) más príomhoibrithe iad cásanna agus/nó teagmhálaithe sainaitheanta Ba cheart glantachán comhshaoil a dhéanamh in éineacht le bearta cosanta pearsanta eile (sláinteachas lámh agus béasaíocht riospráide) fad is atá duine ag féin-aonrú Ba cheart do dhaoine siomptómacha, breoite aghaidhmhaisc a úsáid i gcónaí nuair atá siad i dteagmháil le daoine eile sa teaghlach céanna lena chinntiú nach ionfhabhtaítear iad
<p>Scaradh sóisialta a bhfuil tionchar aige ar níos mó ná duine amháin</p>		
<p>Dúnadh institiúidí oideachais:</p> <ul style="list-style-type: none"> Scoileanna (lena n-áirítear ionaid chúraim lae, naiscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna) [25] Dúnadh institiúidí ardoideachais (ollscoileanna, institiúidí taighde, institiúidí acadúla, etc.) 	<p>Aireachtaí/údarás ag leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta freagrach as:</p> <ul style="list-style-type: none"> Sláinte Oideachas Gnóthaí inmheánacha Údarás oideachais réigiúnacha Gnóthaí eachtracha Déin/boird ollscoileanna poiblí agus príobháideacha Boird institiúidí taighde Cumainn tuismitheoirí Cumainn mac léinn 	<p>Breithnithe le haghaidh institiúidí oideachais</p> <ul style="list-style-type: none"> Ní mór leanúnachas oideachais a áirithiú, ach a bheith ar an airdeall ar rochtain mhíchothrom ar oideachas digiteach D'fhéadfadh rátaí luathfhágála méadú fad is atá scoileanna agus ollscoileanna dúnta Aonrú sóisialta mar gur lárionad gníomhaíochta sóisialta agus idirghníomhaíocht dhaonna iad institiúidí oideachais Brú ón bpobal agus brú airgeadais fanacht ar oscailt <p>Scoileanna</p> <ul style="list-style-type: none"> D'fhéadfadh tuismitheoirí a bheith as láthair ón obair agus tabhóidh siad cailíteanais airgeadais; d'fhéadfadh daoine áirithe a bpost a chailleadh, rud a bhféadfadh tionchar díréireach a bheith aige ar theaghlach aontuismitheora Éifeacht dhiobhálach ar an gcóras sláinte toisc go n-oibríonn céatadán suntasach de mhná san earnáil sláinte agus toisc go mb'fhéidir go mbeadh orthu fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt do leanaí Éifeacht dhiobhálach ar chothú leanaí toisc go mbraitheann go leor acu ar bhéilí a chuirtear ar fáil i scoileanna <p>Ardoideachas</p> <ul style="list-style-type: none"> D'fhéadfadh sé go mbeadh ar ollscoileanna imeachtaí eile a bhaineann le hollbhailiúchán a chur ar ceal, e.g. comhdhálacha, cruinnithe tionscadail, ceadlanna, etc., rud a bheidh mar bhonn le cailíteanas cistí a thabú D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach turais taighde agus obair allamuigh a chur siar/a chealú, rud a bheidh mar bhonn le cailíteanas cistí a thabú Smaoinigh ar riachtanais mac léinn agus ball foirme teagaisc ó thíortha eile a bhféadfadh víosaí sonracha agus/nó acmhainní teoranta a bheith acu Tá gá le breithnithe agus treoracha speisialta i gcás suanliosanna D'fhéadfadh sé go mbeadh ar shaotharlanna creatfhoireann a bhunú chun aire a thabhairt do thurgnaimh fhadtréimhseacha agus/nó chostasacha, nó chun bia/aire a thabhairt d'ainmnithe saotharlainne

Beart scartha shóisialta	Páirtithe leasmhara (sa bhreis ar údarás sláinte poiblí)	Breithnithe agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann
<p>Dúnadh áiteanna oibre:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Oifigí • Monarchana • Asraonta Miondíola • Tógáil • Bialanna, caiféanna/beáir • Clubanna spóirt • Tarlú/iompar 	<ul style="list-style-type: none"> • Aireacht Trádála • Aireacht Airgeadais • Seirbhísí éigeandála • Fostóirí • Cónaidhmeanna gnó • Ceardchumainn 	<p>Breithnithe le haghaidh áiteanna oibre</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go leantar ar aghaidh le seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar (e.g. forfheidhmiú an dlí, cúram sláinte, seirbhísí dóiteáin, saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, cógaslanna, siopaí grósaera, soláthraithe idirlín, príosúin, agus fónais amhail uisce, gás agus leictreachas), fiú mura bhfuil ach creatfhoireann ina mbun • Nuair is féidir, ba cheart d'fhostaithe teilea-obair a dhéanamh ón mbaile agus uirlisí físchomhdhála a úsáid le haghaidh cruinnithe • B'fhéidir nach mbeadh an rogha ag gach cás i gcoraintín tabhairt faoi theilea-oibriú, agus go mbeadh caillteanais shuntasacha phearsanta airgeadais agus/nó fostaíochta i gceist • D'fhéadfadh go mbeadh dúshláin ar leith le sárú ag oibrítithe ísealphá agus an gheilleagair poistíneachta (conarthaí gan íosmhéid uaireanta) • Is féidir roinnt beart scartha shóisialta a chur i bhfeidhm fad is atá áiteanna oibre ar oscailt (féach Tábla 1) • Féadfar glacadh le cúiteamh airgeadais as caillteanais tabhaithe mar ghné bhunriachtanach den straitéis choiscitheach níos leithne toisc go bhféadfadh sé cloí leis na bearta sláinte poiblí forordaithe a éascú
<p>Bearta le haghaidh daonraí teoranta speisialta, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Saoráidí cúraim fhadtéarmaigh [26] • Institiúidí síciatracha • Príosúin, etc. 	<p>Aireachtaí/ údarás ag leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta freagrach as:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte • Gnóthaí inmheánacha • Córas breithiúnach agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí 	<p>Breithnithe le haghaidh institiúidí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Meadú ar fhadhbanna meabhairshláinte (e.g. dúlagar) i measc othar/príosúnach agus tuilleadh coimhthithe othar/príosúnach i measc na sochaí • Treoracha dochta d'fhoireann na n-institiúidí sin ag cur in iúl dóibh nár cheart dóibh teacht chun na hoibre má tá siomptóim de thinneas riospráide orthu agus/nó fiabhras • Is féidir cuairteanna fíorúla teaghlacha a eagrú mura gceadaítear cuairteoirí seachtracha ar feadh tréimhse fhada ama • An gá atá le rialú iomchuí ionfhabhtaithe a áirithiú laistigh de shaoráidí <p>Príosúin</p> <ul style="list-style-type: none"> • Míshástacht i measc príosúnach; cীরibeacha
<p>Ollbhailiúchán curtha ar ceal, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Imeachtaí cultúrtha (amharclanna, pictiúrlanna, ceolchoirmeacha, etc.) • Imeachtaí spóirt (sacar, cluichí lúthchleasaíochta faoi dhion agus amuigh faoin aer, maratóin etc.) • Féilte • Ócáidí creidimh • Comhdhálacha [27, 28] 	<p>Aireachtaí/údarás ag leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta atá freagrach as an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte • Gnóthaí inmheánacha • Gnóthaí eachtracha • Cultúr agus gnóthaí reiligiúnacha • Coistí eagraithe imeachtaí (leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta) • Údarás réigiúnacha agus áitiúla • Comhlachais agus boird ghairmiúla • Ceannairí agus eagraíochtaí reiligiúnacha 	<p>Gach imeacht ollbhailiúcháin</p> <ul style="list-style-type: none"> • Caillteanais airgeadais d'eagraithe agus méadú ar dhífhostaíocht, b'fhéidir • Caillteanais airgeadais don lucht freastail (táillí ticéid, táillí cóiríochta, táillí iompair, etc.) • Caillteanais airgeadais do ghnóthaí cleamhnaithe (meáin, lónadóireacht, urraíocht, etc.) • Damáiste d'ainmneacha branda • Laghdaithe ar thurasóireacht ina dhiaidh sin • Ioncam laghdaithe ó chánacha • Díomá ón lucht leanúna a shíleann nach gá imeachtaí a chur ar ceal (d'fhéadfadh go mbainfeadh costas polaitiúil lena leithéid freisin) <p>Ócáidí creidimh</p> <p>Ós rud é go mbíonn ról suntasach ag ceannairí reiligiúnacha i bhforbairt tuairimí, ní mór dóibh a bheith páirteach sa phróiseas go luath chun cloí a éascú</p>

Beart scartha shóisialta	Páirtithe leasmhara (sa bhreis ar údarás sláinte poiblí)	Breithnithe agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann
<p>Cordon sanitaire: Coraintín éigeantach foirgnimh nó limistéir chónaithe/limistéar cónaithe [29]</p>	<p>Aireachtaí/ údarás ag leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta (b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach iad a chur faoi bhráid an údarás rialtais is airde) atá freagrach as na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sláinte • Gnóthaí baile • Údarás réigiúnacha & áitiúla • Gnóthaí agus ceardchumann • Cumainn úinéirí tí agus cíos • Córas breithiúnach agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí • Cosaint shibhialta • Saoráidí cúraim thadtéarmaigh • Príosúin • Saoráidí cúraim meabhairshláinte • Ceannairí pobail agus creidimh • Oideachas 	<p>Gach réimse</p> <ul style="list-style-type: none"> • Breithniú a dhéanamh ar na catagóirí gníomhaíochtaí agus daoine aonair a d'fhéadfaí a dhíolmhú ó na srianta • Ag féachaint do riachtanais daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus daoine leochaileacha eile (e.g. daoine gan dídean, daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, agus imircigh gan doiciméid) • Uainiú an fhógra d'fhonn líon na ndaoine atá ag iarraidh 'éalú' roimh fhorfheidhmiú a íoslaghdú • An gá atá lena áirithiú go mbeidh bunriachtanais ar fáil, lena n-áirítear bia, uisce, leigheas agus soláthairt sláintiúchá • Fónais fheidhmiúla (uisce, gás, leictreachas, idirlíon) • Cearta daonna daoine atá ina gcónaí sa cheantar • Cailleanais shuntasacha airgeadais ar fud an réigiúin • An gá le hathbheithniú a dhéanamh go minic ar an réasúnaíocht lena áirithiú go bhfuil gá fós le bearta scartha shóisialta • An gá atá le rochtain ar sheirbhísí sláinte don daonra laistigh den chordún a áirithiú • An gá atá lena áirithiú go ndéantar bearta iomchuí laistigh den chordún chun tarchur laistigh den daonra a laghdú <p>Gnóthaí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cailleanais airgeadais don chuid is mó de na gnóthaí, nó na gnóthaí ar fad • Cailleanas fostaíochta • Athrú ar phatrúin tráchtála • Cur isteach ar sholáthar/ar sheachadadh

Nóta: Chun teacht ar shonraí maidir leis na bearta seo agus a réasúnaíocht, féach ar Thábla 1.

Údair rannpháirteacha (in ord aibítire)

Cornelia Adlhoch, Agoritsa Baka, Massimo Ciotti, Joana Gomes Dias, John Kinsman, Katrin Leitmeyer, Angeliki Melidou, Teymur Noori, Anastasia Pharris, Pasi Penttinen, Paul Riley, Andreea Salajan, Jonathan Suk, Svetla Tsoleva, Marieke van der Werf, Emma Wiltshire, Andrea Würz

Tagairtí

1. Anderson R, Heesterbeek H, Klinkenberg D, Hollingsworth T. How will country-based mitigation measures influence the course of the COVID-19 epidemic? *Lancet*. 2020.
2. European Centre for Disease Prevention and Control. Guidelines for the use of non-pharmaceutical measures to delay and mitigate the impact of 2019-nCoV. Stockholm: ECDC; 2020.
3. COVID-19: 'Top priority' must be on containment, insists WHO's Tedros: UN News; 2020. Available from: <https://news.un.org/en/story/2020/03/1058461>.
4. European Centre for Disease Prevention and Control. Outbreak of novel coronavirus disease 2019 (COVID-19): increased transmission globally – fifth update. Stockholm: ECDC; 2020.
- 4a. European Centre for Disease Prevention and Control. Novel coronavirus disease 2019 (COVID-19) pandemic: increased transmission in the EU/EEA and the UK – sixth update, 12 March 2020. Stockholm: ECDC; 2020.
5. European Centre for Disease Prevention and Control. The use of evidence in decision making during public health emergencies. Stockholm: ECDC; 2019.
6. WHO. Report of the WHO-China Joint Mission on Coronavirus Disease 2019 (COVID-19). Geneva: World Health Organization; 2020.
7. Hatchett R, Mecher C, Lipsitch M. Public health interventions and epidemic intensity during the 1918 influenza pandemic *PNAS*. 2007;104 (18):7582–7.
8. Medicine Io. Modeling community containment for pandemic influenza: a letter report. Washington, DC: National Academies Press; 2006.
9. Lai S, Ruktanonchai N, Zhou L, Prosper O, Luo W, Floyd J. Effect of non-pharmaceutical interventions for containing the COVID-19 outbreak: an observational and modelling study. *medRxiv*. 2020.
10. Ipsos Mori. Poll of 8 countries finds majority say coronavirus poses a threat to the world 2020. Available from: <https://www.ipsos.com/ipsos-mori/en-uk/poll-8-countries-finds-majority-say-coronavirus-poses-threat-world>.
11. United Nations, Economic and Social Council (UNESCO). Siracusa principles on the limitation and derogation provisions in the international covenant on civil and political rights, U.N. Doc. E/CN.4/1985/4, Annex (1985). United Nations; 1985 [Available from: <http://hrlibrary.umn.edu/instree/siracusaprinciples.html>].
12. WHO. International Health Regulations. 3 ed. Geneva: World Health Organization; 2005.
13. Calain P, Poncin M. Reaching out to Ebola victims: coercion, persuasion or an appeal for self-sacrifice? *Soc Sci Med*. 2015;147:126-33.
14. Gonsalves G, Kapczynski A, Ko A, Parmet W, Burris S. Achieving A Fair and Effective COVID-19 Response: An Open Letter to Vice-President Mike Pence, and Other Federal, State and Local Leaders from Public Health and Legal Experts in the United States.: Yale School of Public Health, Yale Law School; 2020.
15. European Centre for Disease Prevention and Control. Guidance on community engagement for public health events caused by communicable disease threats in the EU/EEA. Stockholm: ECDC; 2020.
16. Desclaux A, Badjib D, Ndioneb A, Sow K. Accepted monitoring or endured quarantine? Ebola contacts' perceptions in Senegal. *Social Science & Medicine*. 2017;178:38-45.
17. Brooks S, Webster R, Smith L, Woodland L, Wessely S, Greenberg N. The psychological impact of quarantine and how to reduce it: rapid review of the evidence. *Lancet*. 2020.
18. Brown L, Trujillo L, Macintyre K. Interventions to Reduce HIV/AIDS Stigma: What Have We Learned? : Horizons Program, Tulane University; 2001.
19. DiGiovanni C, Conley J, Chiu D, Zaborski J. Factors Influencing Compliance with Quarantine in Toronto During the 2003 SARS Outbreak. *Biosecurity and Bioterrorism: Biodefense Strategy, Practice, and Science*. 2004;2(4):265-72.
20. Barbera J, Macintyre A, Gostin L. Large-scale quarantine following biological terrorism in the United States – Scientific Examination, Logistic and Legal Limits, and Possible Consequences. *JAMA*. 2001;286(21):2711-7.
21. European Centre for Disease Prevention and Control. Outbreak of novel coronavirus disease 2019 (COVID-19): increased transmission globally – fifth update, 2 March 2020. Stockholm: ECDC; 2020.
22. European Centre for Disease Prevention and Control. Community and institutional public health emergency preparedness synergies – enablers and barriers. Case studies on acute gastroenteritis in two EU/EEA Member States. Stockholm: ECDC; 2019.
23. Willem L, Hoang T, Funk S, Coletti P, Beutels P, Hens N. SOCRATES: An online tool leveraging a social contact data sharing initiative to assess mitigation strategies for COVID-19. *medRxiv*. 2020.
24. International Organization for Standardization. ISO 22301:2019 Security and resilience — Business continuity management systems — Requirements. Geneva: ISO; 2019.
25. UNESCO. Covid-19 and education 2020 [Available from: <https://en.unesco.org/themes/education-emergencies/coronavirus-school-closures>].
26. CDC – Centers for Disease Control and Prevention. Strategies to prevent the spread of covid-19 in long-term care facilities (LTCF). Atlanta: CDC; 2020. Available from: <https://www.cdc.gov/coronavirus/2019-ncov/healthcare-facilities/prevent-spread-in-long-term-care-facilities.html>.

27. Abubakar I, Gautret P, Brunette GW, Blumberg L, Johnson D, Pomeroy G, et al. Global perspectives for prevention of infectious diseases associated with mass gatherings. *The Lancet Infectious Diseases*. 2012;12(1):66-74.
28. World Health Organization. Key planning recommendations for mass gatherings in the context of the current COVID-19 outbreak - Interim Guidance WHO; 2020 14 February 2020
29. CDC – Centers for Disease Control and Prevention. Preventing COVID-19 spread in communities. Atlanta: CDC; 2020.
30. Imperial College COVID-19 Response Team. Impact of non-pharmaceutical interventions (NPIs) to reduce COVID19 mortality and healthcare demand. 16 March 2020. London: Imperial College; 2020. Available from: <https://www.imperial.ac.uk/media/imperial-college/medicine/sph/ide/qida-fellowships/Imperial-College-COVID19-NPI-modelling-16-03-2020.pdf>
31. Qualls N, Levitt A, Kanade N, et al. Community mitigation guidelines to prevent pandemic influenza — United States, 2017. *MMWR Recomm Rep* 2017;66(No. RR-1):1–34. Available from: <http://dx.doi.org/10.15585/mmwr.rr6601a1>
32. World Health Organisation. Non-pharmaceutical public health measures for mitigating the risk and impact of epidemic and pandemic influenza. Geneva: WHO; 2019. Available from: https://www.who.int/influenza/publications/public_health_measures/publication/en/
33. European Centre for Disease Prevention and Control. Resource estimation for contact tracing, quarantine and monitoring activities for COVID-19 cases in the EU/EEA. ECDC: Stockholm; 2020.
34. Ali ST, Cowling BJ, Lau E, Fang VJ, Leung GM. Mitigation of influenza B epidemic with school closures, Hong Kong, 2018. *Emerging infectious diseases*, 24(11), 2071–2073. Available from: <https://doi.org/10.3201/eid2411.180612>
35. Public Health England. Guidance on social distancing for everyone in the UK – 20 March 2020 [internet, accessed 23 Mar 2020]. London: PHE; 2020. Available from: <https://www.gov.uk/government/publications/covid-19-guidance-on-social-distancing-and-for-vulnerable-people/guidance-on-social-distancing-for-everyone-in-the-uk-and-protecting-older-people-and-vulnerable-adults>